BLOC TG4
Ábhar Gearrfhoirme

Ba mhaith le BLOC TG4 ábhar gearrfhoirme úr, nuálach agus siamsúil a choimisiúnú a mheallfaidh lucht féachana óg idir 16-34 bliain d'aois, le béim ar leith ar an aoisghrúpa faoi 25. Beidh an t-ábhar digiteach seo, a bheidh den luach léirithe is airde, cruthaithe go príomha d'ardáin BLOC TG4 ar líne (Seinnteoir TG4, YouTube, IGTV srl). Beidh an t-ábhar is feiliúnaí le craoladh ar chainéal teilifíse TG4 chomh maith.

Táimid sa tóir ar dhaoine cumasacha cruthaitheacha, idir stiúrthóirí, scríbhneoirí agus dhaoine nua ar scáileán a thabharfaidh fuinneamh agus dearcadh nua trí ábhar samhailteach a chruthú a spreagfaidh Gaeil óga. Ba chóir do na smaointe a bheith nuálach, uaillmhianach, cruthaitheach agus dúshlánach i dtaobh ábhair, stíle agus cuir chuige agus é mar aidhm acu Gen Z a chur ag gáire, ag machnamh, ag argóint agus ag caint linn. Ní mór do gach coincheap oibriú go nádúrtha i nGaeilge agus iad a bheith léirithe go príomha dóibh sin a labhraíonn í go rialta. Ach táimid ag súil leis an ton, greann agus ábharthacht a bheidh ag an ábhar seo le go mbeimid in ann lucht féachana óg níos leithne a mhealladh agus a spreagadh i dtreo na teanga chomh maith.

Táimid ag lorg sraitheanna go príomha a bheidh idir 4-6 clár agus 3-20 nóiméad ar fhad (ag braith ar an ardán). Táimid sásta smaointí láidre do scannáin nó cláracha aonair gearrfhoirme a bhreithniú chomh maith. Tá spéis ar leith againn sna seánraí seo a leanas:

- **GREANN/DRÁMAÍOCHT GHRINN:** Is féidir leis an ábhar seo a bheith ina dhráma a bhfuil script leis, ina sceitse ardchaighdeánach, ina scigscannán fáisnéise nó eile. Táimid ag lorg ábhar gearrfhoirme atá ábharach don ghlúin seo agus a mbeidh fonn orthu é a roinnt lena chéile. Teastaíonn scríbhneoireacht chliste, ghéar, agus teolaí agus tá tallann den scoth ar an scáileán ríthábhachtach. Bí dána, bí spraíúil agus le bhur dtoil bain gáire asainn....

- **FAISNÉIS:** Sraitheanna nó scannáin aonair, cruthaithe don mhúnla gearrfhoirme, le scéalta láidre ábhartha agus carachtair/guthanna a rachaidh i bhfeidhm ar ár sprioclucht féachana. Tá muid ag iarraidh scéalta físiúla, barántúla, croíúla agus cruthaitheacha a thugann léargas ar an taithí saoil, ábhar spéise agus paisin atá ag an sprioclucht féachana. Scéalta a thabharfaidh dúshlán don méid a bhfuilimid ag súil leis, a chuirfidh ag smaoineamh muid agus a n-ardóidh ár gcroí. Cuimhnigh nach gá d'ábhar faisnéise a bheith dáiríre i gcónaí!

- **SIAMSAÍOCHT FHÍORASACH:** Táimid ag lorg smaointí nuálacha, ardaidhme le téamaí láidre agus tallann láidir atá paiseanta faoin ábhar. Is féidir leis a bheith ina shainshraith fhíorasach, formáid úr siamsúil nó gné nua chruthaitheach a thugann léargas ar leith ar chúrsaí caidrimh, gnéis, faisin, taistil, beatha nó treochtaí na linne.

- **CEOL:** Céard a chuirfidh siamsaíocht ar fáil don sprioc-aoisghrúpa seo trí mheán an cheoil? Idir cheoltóirí aitheanta agus thallann nua, tá spéis againn i gcláracha réamhthaifeadta nó léiriú beo idirghníomhach ar féidir iad a chraoladh ar ardáin shóisialta BhLOC.

Ní mór gach iarratas teacht ó chomhlacht léiriúcháin agus ní mór iad a chur ar aghaidh go leictreonach ar shuíomh eCoimisiúin TG4 roimh **Dé hAoine an 29 Deireadh Fómhair 2021**. Mura bhfuil an comhlacht cláraithe, caithfear clárú ar dtús ar an suíomh http://update.tg4.ie/ecomm/login.php agus an t-iarratas a uaslódáil roimh an sprioc-am tríd an rogha, 'Ábhar BLOC TG4', a roghnú ón roghchlár anuas. Tá sé i gceist againn seisiúin cur i láthair a dhéanamh faoi thús mí na Samhna agus tograí a chur go conradh go luath ina dhiaidh sin. Más cruthaitheoir ábhair neamhspleách thú, is fiú labhairt linn faoin mbealach is fearr le d'iarratas a chur os ár gcomhair.

BA CHÓIR NA NITHE SEO A LEANAS A BHEITH I NGACH IARRATAS:

- Iarratas ina bhfuil ábhar, cur chuige cruthaitheach, ton, agus stíl físiúil san áireamh ann.
- Conas agus cén fáth a mheallfaidh an smaoineamh seo an sprioclucht féachana; an t-údar a bhfuil an t-ábhar agus cur chuige ábhartha agus mar a rachaidh sé i bhfeidhm ar dhaoine.
- Digiteach: Cén tuiscint agus taithí atá ag an bhfoireann ar ábhar digiteach a chruthú; cén t-ardán is fearr don tsraith seo chun an sprioclucht féachana a aimsiú agus cén t-ábhar breise a bheidh á chruthú chun poiblíocht trasardáin a dhéanamh ar an tsraith/clár?
- Conas a dtabharfar faoi stíl fhísiúil ar leith a thabhairt don ábhar seo i ndáil le taifeadadh, eagarthóireacht, grafaicí, íomhánna, mioníomhánna srl.
- Eolas faoin bhfoireann chruthaitheach léirithe, lena n-áirítear aon tallann úr (stiúrthóir, scríbhneoir, tallann ar scáileán srl) a bheidh ceangailte leis an togra seo. Fáiltímid roimh thallann láidir chruthaitheach mná ach go háirithe sa bhabhta seo.
- Buiséad iomlán agus sceideal léirithe agus seachadta an togra. Beimid ag súil le buiséad idir €600-1000 an nóiméad ar an ábhar seo ag brath ar sheánra, scála agus uaillmhian an togra.

Tá tacaíocht ar fiú €100,000 ina hiomláine ag gabháil leis an mbabhta seo.

Breis eolais: laura.ni.cheallaigh@tg4.ie & roisin.ni.thuairisg@tg4.ie